**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe*

**2018/0231(COD)**

15.1.2019

# TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár don mhargadh aonair, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 258/2014, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) 2017/826
(COM(2018)0441 – C8-0254/2018 – 2018/0231(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Sofia Ribeiro

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 54 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) De thoradh na réabhlóide digití agus an domhandaithe, ní mór don mhargadh inmheánach oiriúnú, ar bhonn leanúnach, do thimpeallacht atá ag athrú go tapa. I ngeall ar ré nua na nuálaíochta digití, leantar de dheiseanna a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair agus de tháirgí nua agus samhlacha nua gnó a chruthú ach, san am céanna, is dúshlán é ó thaobh an rialaithe agus an fhorfheidhmithe de. | (2) De thoradh na réabhlóide digití agus an domhandaithe, ní mór don mhargadh inmheánach oiriúnú, ar bhonn leanúnach, do thimpeallacht atá ag athrú go tapa. I ngeall ar ré nua na nuálaíochta digití, leantar de dheiseanna a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair, ***trína áirithiú le rochtain ar chistiú don ghlúin is déanaí teicneolaíochtaí*** go ndéanfar táirgí nua agus samhlacha nua gnó a chruthú ach, san am céanna, is dúshlán é ó thaobh an rialaithe agus an fhorfheidhmithe de. ***Os a choinne sin, éilíonn gach rannpháirtí sa mhargadh níos mó trédhearcachta sa slabhra soláthair.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tá cuid mhór de reachtaíocht an Aontais ina bonn agus ina taca ó thaobh fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Baineann sé sin, go háirithe, leis an iomaíochas, leis an gcaighdeánú, le cosaint tomhaltóirí, le faireachas margaidh agus le rialú an bhiashlabhra ach, ina theannta sin, baineann sé le rialacha i dtaca le gnó, trádáil, idirbhearta airgeadais agus | (3) Tá cuid mhór de reachtaíocht an Aontais ina bonn agus ina taca ó thaobh fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Baineann sé sin, go háirithe, leis an iomaíochas, leis an gcaighdeánú, le cosaint tomhaltóirí, le faireachas margaidh agus le rialú an bhiashlabhra ach, ina theannta sin, baineann sé le rialacha i dtaca le gnó, trádáil, idirbhearta airgeadais agus |

| | |
|---|---|
| iomaíocht chóir a chur chun cinn lena soláthraítear cothrom iomaíochta, rud atá ríthábhachtach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. | iomaíocht chóir a chur chun cinn lena soláthraítear cothrom iomaíochta ***trí chomhrac in aghaidh cleachtais éagóracha, rud atá*** ríthábhachtach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is faoi réir clár staidrimh Eorpach ar leith arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47]atá forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh. Chun leanúnachas a sholáthar maidir leis an staidreamh Eorpach a tháirgeadh agus a scaipeadh, ba cheart a áireamh sa chlár nua freisin gníomhaíochtaí arna gcumhdach ag an gclár staidrimh Eorpach trí chreat a chur ar fáil chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Leis an gclár nua, ba cheart an creat airgeadais don staidreamh Eorpach a chur ar bun chun go soláthrófaí staidreamh ardcháilíochta, inchomparáide agus iontaofa faoin Eoraip chun tacú le beartais uile an Aontais a cheapadh agus a chur chun feidhme chomh maith le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu. | (6) Is faoi réir clár staidrimh Eorpach ar leith arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] atá forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh. Chun leanúnachas a sholáthar maidir leis an staidreamh Eorpach a tháirgeadh agus a scaipeadh, ba cheart a áireamh sa chlár nua freisin gníomhaíochtaí arna gcumhdach ag an gclár staidrimh Eorpach trí chreat a chur ar fáil chun staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Leis an gclár nua, ba cheart an creat airgeadais don staidreamh Eorpach a chur ar bun chun go soláthrófaí an staidreamh ardcháilíochta, inchomparáide agus iontaofa ***is déanaí*** faoin Eoraip***, i bhformáid atá inrochtana go héasca ag úsáideoirí,*** chun tacú le beartais uile an Aontais a cheapadh agus a chur chun feidhme chomh maith le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu. |
| [47] Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013–17 (IO L 39, 9.2.2013, lch. 12). | [47] Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir leis an gclár staidrimh Eorpach 2013–17 (IO L 39, 9.2.2013, lch. 12). |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Is iomchuí, mar sin, clár a chur ar bun don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don staidreamh Eorpach (an "Clár"). Ba cheart an Clár a chur ar bun ar feadh tréimhse seacht mbliana ó 2021 go 2027. | (7) Is iomchuí, mar sin, clár a chur ar bun don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don staidreamh Eorpach (an "Clár"). Ba cheart an Clár a chur ar bun ar feadh tréimhse seacht mbliana ó 2021 go 2027, ***i gcomhthráth leis an tréimhse a bheidh CAI ar bun***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Cuireann margadh inmheánach úrnua an iomaíocht chun cinn agus téann sé chun tairbhe do thomhaltóirí, gnólachtaí agus fostaithe. De thoradh úsáid níos fearr a bhaint as an margadh inmheánach do sheirbhísí, ar margadh é a bhíonn de shíor ag forbairt, ba cheart go dtabharfaí cúnamh do ghnólachtaí san Eoraip poist a chruthú agus fás thar theorainneacha, rogha níos leithne seirbhísí a sholáthar ar phraghsanna níos ísle, agus caighdeáin arda a choimeád do thomhaltóirí agus fostaithe. Chun é sin a bhaint amach, ba cheart an Clár a bheith ina chuidiú chun deireadh a chur le bacainní atá fós ann, agus creat rialála a áirithiú lenar féidir samhlacha gnó atá nuálach agus nua a chur san áireamh. | (9) Cuireann margadh inmheánach úrnua an iomaíocht chun cinn agus téann sé chun tairbhe do thomhaltóirí, gnólachtaí agus fostaithe. De thoradh úsáid níos fearr a bhaint as an margadh inmheánach do sheirbhísí, ar margadh é a bhíonn de shíor ag forbairt, ba cheart go dtabharfaí cúnamh do ghnólachtaí san Eoraip***, gan beann ar a méid,*** poist ***nua*** a chruthú agus fás thar theorainneacha, rogha níos leithne seirbhísí a sholáthar ar phraghsanna níos ísle, agus caighdeáin arda a choimeád do thomhaltóirí agus fostaithe. Chun é sin a bhaint amach, ba cheart an Clár a bheith ina chuidiú chun deireadh a chur le bacainní atá fós ann, agus creat rialála a áirithiú lenar féidir samhlacha gnó atá nuálach agus nua ***agus tionscnaimh nuabhunaithe*** a chur san áireamh. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (10) De bhíthin sásraí coiscthe, glacadh rialacha comhchoiteanna agus, i gcás nach bhfuil rialacha den sórt sin ag an Aontas, trí bhíthin phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, cuireadh deireadh le constaicí rialála roimh tháirgí tionsclaíocha sa mhargadh inmheánach. I réimsí nach ann do reachtaíocht de chuid an Aontais, ciallaíonn prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh go bhfuil an ceart saorghluaiseachta ag earraí atá ar an margadh go dleathach i mBallstát amháin agus go bhféadtar iad a dhíol i mBallstát eile. Fágann sé sin, áfach, de bharr nach gcuirtear aitheantas frithpháirteach i bhfeidhm go leordhóthanach, gur deacra do chuideachtaí rochtain a bheith acu ar mhargaí i mBallstáit eile. Dá bharr sin, d'ainneoin leibhéal ard an chomhtháthaithe margaidh i réimse na n-earraí, cailltear deiseanna sa gheilleagar i gcoitinne. Ar an ábhar sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gClár an t-aitheantas frithpháirteach a chur i bhfeidhm ar dhóigh níos fearr i réimse na n-earraí agus, lena chois sin, líon na n-earraí mídhleathacha neamh-chomhlíontacha a chuirtear ar an margadh a laghdú. | (10) De bhíthin sásraí coiscthe, glacadh rialacha comhchoiteanna agus, i gcás nach bhfuil rialacha den sórt sin ag an Aontas, trí bhíthin phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, cuireadh deireadh le constaicí rialála roimh tháirgí tionsclaíocha sa mhargadh inmheánach. I réimsí nach ann do reachtaíocht de chuid an Aontais, ciallaíonn prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh go bhfuil an ceart saorghluaiseachta ag earraí atá ar an margadh go dleathach i mBallstát amháin agus go bhféadtar iad a dhíol i mBallstát eile. Fágann sé sin, áfach, de bharr nach gcuirtear aitheantas frithpháirteach i bhfeidhm go leordhóthanach, gur deacra do chuideachtaí rochtain a bheith acu ar mhargaí i mBallstáit eile***, go háirithe i gcás cuideachtaí a fheidhmíonn thar theorainneacha***. Dá bharr sin, d'ainneoin leibhéal ard an chomhtháthaithe margaidh i réimse na n-earraí, cailltear deiseanna sa gheilleagar i gcoitinne. Ar an ábhar sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gClár an t-aitheantas frithpháirteach a chur i bhfeidhm ar dhóigh níos fearr i réimse na n-earraí agus, lena chois sin, líon na n-earraí mídhleathacha agus neamh-chomhlíontacha a chuirtear ar an margadh, ***nó earraí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shláinte an tomhaltóra,*** a laghdú. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (11) Baineann dúshláin nua ó thaobh rialála agus forfheidhmithe de le timpeallacht na réabhlóide digití atá ag athrú go tapa, i gcás saincheisteanna amhail an cibearshlándáil, idirlíon na rudaí | (11) Baineann dúshláin nua ó thaobh rialála agus forfheidhmithe de le timpeallacht na réabhlóide digití atá ag athrú go tapa, i gcás saincheisteanna amhail an cibearshlándáil, idirlíon na rudaí |

| | |
|---|---|
| nithiúla agus an intleacht shaorga. I gcás díobhála, ní mór rialacha dochta maidir le sábháilteacht táirgí agus maidir le dliteanas i leith táirgí a bheith ann chun a áirithiú gur ann do bheartas lena dtugtar an deis do shaoránaigh Eorpacha, tomhaltóirí agus gnólachtaí san áireamh, tairbhiú de na rialacha sin. Ba cheart, mar sin, go gcuideodh an Clár córas de chuid an Aontais maidir le dliteanas i leith táirgí a ghlacadh go tapa agus a fhorfheidhmiú, ar córas é lena gcothaítear an nuálaíocht. | nithiúla agus an intleacht shaorga. I gcás díobhála, ní mór rialacha dochta maidir le sábháilteacht táirgí agus maidir le dliteanas i leith táirgí a bheith ann, ***atá curtha in iúl go soiléir agus go hintuigthe***, chun a áirithiú gur ann do bheartas lena dtugtar an deis do shaoránaigh Eorpacha, tomhaltóirí agus gnólachtaí san áireamh, tairbhiú de na rialacha sin. Ba cheart, mar sin, go gcuideodh an Clár córas de chuid an Aontais maidir le dliteanas i leith táirgí a ghlacadh go tapa agus a fhorfheidhmiú, ar córas é lena gcothaítear an nuálaíocht. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Má chuirtear ar an margadh táirgí nach bhfuil i gcomhréir le dlí an Aontais, is é an té nó an gnólacht a chomhlíonann an dlí sin a bheidh thíos leis agus féadfar dochar a dhéanamh do thomhaltóirí. Tugann go leor fiontraithe neamhaird ar na rialacha le teann aineolais orthu nó d'aon ghnó chun buntáiste iomaíoch a fháil. Is minic nach gcuirtear go leor airgid ar fáil d'údaráis faireachais margaidh agus go gcuirtear srian leo i ngeall ar theorainneacha náisiúnta ach, san am céanna, bíonn fiontraithe ag trádáil ar leibhéal an Aontais nó, go deimhin féin, ar an leibhéal domhanda. Ó thaobh na ríomhthráchtála de, go háirithe, is rí-dheacair do na húdaráis faireachais margaidh rianú a dhéanamh ar earraí neamh-chomhlíontacha a allmhairítear ó thríú tíortha agus an t-eintiteas atá freagrach astu laistigh dá ndlínse a shainaithint. Mar sin, ba cheart don Chlár féachaint le comhlíonadh táirgí a neartú trí dhreasachtaí cearta a sholáthar d'fhiontraithe, dlús a chur le seiceálacha ar chomhlíonadh agus comhar trasteorann níos dlúithe idir na húdaráis | (12) Má chuirtear ar an margadh táirgí nach bhfuil i gcomhréir le dlí an Aontais ***nó nach bhfuil cineálcheadaithe***, is é an té nó an gnólacht a chomhlíonann an dlí sin a bheidh thíos leis agus féadfar dochar a dhéanamh do thomhaltóirí. Tugann go leor fiontraithe neamhaird ar na rialacha le teann aineolais orthu nó d'aon ghnó chun buntáiste iomaíoch a fháil. Is minic nach gcuirtear go leor airgid ar fáil d'údaráis faireachais margaidh agus go gcuirtear srian leo i ngeall ar theorainneacha náisiúnta ach, san am céanna, bíonn fiontraithe ag trádáil ar ***leibhéal*** an Aontais nó, ***ar leibhéal trasteorann,*** nó go deimhin féin, ar leibhéal domhanda. Ó thaobh na ríomhthráchtála de, go háirithe, is rí-dheacair do na húdaráis faireachais margaidh rianú a dhéanamh ar earraí neamh-chomhlíontacha a allmhairítear ó thríú tíortha agus an t-eintiteas atá freagrach astu laistigh dá ndlínse a shainaithint. Mar sin, ba cheart don Chlár féachaint le comhlíonadh táirgí a neartú trí dhreasachtaí cearta a sholáthar d'fhiontraithe, dlús a chur le seiceálacha ar chomhlíonadh agus comhar trasteorann |

| | |
|---|---|
| forfheidhmiúcháin a chur chun cinn. Ina theannta sin, ba cheart an Clár a bheith ina chuidiú an creat atá ann faoi láthair maidir le gníomhaíochtaí faireachais margaidh a chomhdhlúthú, gníomhaíochtaí comhpháirteacha ag údaráis faireachais margaidh ó Bhallstáit dhifriúla a spreagadh, malartú faisnéise a fheabhsú agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh a chóineasú agus a chomhtháthú ar bhealach níos dlúithe a chur chun cinn. | níos dlúithe idir na húdaráis forfheidhmiúcháin a chur chun cinn. Ina theannta sin, ba cheart an Clár a bheith ina chuidiú an creat atá ann faoi láthair maidir le gníomhaíochtaí faireachais margaidh a chomhdhlúthú, gníomhaíochtaí comhpháirteacha ag údaráis faireachais margaidh ó Bhallstáit dhifriúla a spreagadh, malartú faisnéise a fheabhsú agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh a chóineasú agus a chomhtháthú ar bhealach níos dlúithe a chur chun cinn. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) De bhrí nach ann do theorainneacha i gcás margaí tomhaltóirí mar thoradh ar an bhforbairt atá tar éis teacht ar sheirbhísí trádála agus taistil ar líne, tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí atá ag cur fúthu san Aontas tairbhiú de chosaint leordhóthanach agus ag allmhairiú earraí agus seirbhísí ó oibreoirí eacnamaíocha atá lonnaithe i dtríú tíortha. Ar an ábhar sin, ba cheart leis an gClár bonn taca a chur faoin gcomhar le comhlachtaí ábhartha atá lonnaithe i dtríú tíortha ar comhpháirtithe trádála tábhachtacha de chuid an Aontais iad, ***i gcás inar gá***. | (14) De bhrí nach ann do theorainneacha i gcás margaí tomhaltóirí mar thoradh ar an bhforbairt ***leanúnach agus ghasta*** atá tar éis teacht ar sheirbhísí trádála agus taistil ar líne, tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí atá ag cur fúthu san Aontas tairbhiú de chosaint leordhóthanach agus ag allmhairiú earraí agus seirbhísí ó oibreoirí eacnamaíocha atá lonnaithe i dtríú tíortha. Ar an ábhar sin, ba cheart leis an gClár bonn taca a chur faoin gcomhar le comhlachtaí ábhartha atá lonnaithe i dtríú tíortha ar comhpháirtithe trádála tábhachtacha de chuid an Aontais iad, i gcás inar gá. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach agus chun an saol a éascú do shaoránaigh agus gnólachtaí, ní mór seirbhísí poiblí ardcháilíochta atá dírithe ar | (16) Chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach agus chun an saol a éascú do shaoránaigh agus gnólachtaí, ní mór seirbhísí poiblí ardcháilíochta atá dírithe ar |

| | |
|---|---|
| an úsáideoir a chur ar bun. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh riaracháin phoiblí tosú ar bheith ag obair i mbealaí nua, fáil réidh leis na bacainní idir codanna difriúla dá seirbhísí riaracháin, agus tabhairt faoi na seirbhísí poiblí sin a chruthú go comhpháirteach i gcomhar le saoránaigh agus gnólachtaí. Anuas air sin, i ngeall ar an méadú leanúnach agus rialta ar ghníomhaíochtaí trasteorann sa mhargadh inmheánach, is gá faisnéis chothrom le dáta a chur ar fáil faoi chearta gnólachtaí agus saoránaigh mar aon le faisnéis lena mínítear foirmiúlachtaí riaracháin. Lena chois sin, is den riachtanas é comhairle dlí a chur ar fáil agus a bheith ina chuidiú chun fadhbanna a bhíonn ann ar leibhéal trasnáisiúnta a réiteach. Chomh maith leis sin, ní mór údaráis riaracháin náisiúnta a nascadh ar bhealach simplí éifeachtúil agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an margadh inmheánach ar an láthair. Mar sin, ba cheart don Chlár tacú leis na huirlisí atá ann cheana chun rialachas a dhéanamh ar an margadh inmheánach: an tairseach An Eoraip Agatsa, rud ba cheart a bheith ina bunsraith den tairseach aonair dhigiteach atá ar na bacáin, An Eoraip Agatsa – Comhairle, an Gréasán um Fhadhbanna sa Mhargadh Inmheánach a Réiteach (SOLVIT), Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh chun saol laethúil na saoránach agus cumas gnólachtaí trádáil thar theorainneacha a fheabhsú. | an úsáideoir a chur ar bun ***i ngach réimse***. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh riaracháin phoiblí tosú ar bheith ag obair i mbealaí nua, fáil réidh leis na bacainní idir codanna difriúla dá seirbhísí riaracháin, agus tabhairt faoi na seirbhísí poiblí sin a chruthú go comhpháirteach i gcomhar le saoránaigh agus gnólachtaí ***ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, trasteorann agus náisiúnta agus a áirithiú go mbeidh suíomhanna gréasáin rialtais níos inrochtana áit a mbeidh faisnéis riachtanach ar fáil ar féidir teacht uirthi níos éasca (AM61, ECR)***. Anuas air sin, i ngeall ar an méadú leanúnach agus rialta ar ghníomhaíochtaí trasteorann sa mhargadh inmheánach, is gá faisnéis ***rialta*** chothrom le dáta a chur ar fáil faoi chearta ***agus oibleagáidí*** gnólachtaí agus saoránach mar aon le faisnéis lena mínítear foirmiúlachtaí riaracháin ***agus na cánacha aa bhaineann leis na gníomhaíochtaí faoi seach***. Lena chois sin, is den riachtanas é comhairle dlí a chur ar fáil agus a bheith ina chuidiú chun fadhbanna a bhíonn ann ar leibhéal trasnáisiúnta a réiteach. Chomh maith leis sin, ní mór údaráis riaracháin ***réigiúnacha agus*** náisiúnta a nascadh***, i gcás inarb iomchuí,*** ar bhealach simplí éifeachtúil agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an margadh inmheánach ar an láthair. Mar sin, ba cheart don Chlár tacú leis na huirlisí atá ann cheana chun rialachas a dhéanamh ar an margadh inmheánach: an tairseach An Eoraip Agatsa, rud ba cheart a bheith ina bunsraith den tairseach aonair dhigiteach atá ar na bacáin, An Eoraip Agatsa – Comhairle, an Gréasán um Fhadhbanna sa Mhargadh Inmheánach a Réiteach (SOLVIT), Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh chun saol laethúil na saoránach agus cumas gnólachtaí trádáil thar theorainneacha a fheabhsú. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Leis an gClár freisin, ba cheart do na Ballstáit creat dlíthiúil an Aontais maidir leis an bhfrithsciúradh airgid agus maidir leis an gcomhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gceart agus ina iomláine agus ba cheart beartais don todhchaí a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua san earnáil. Ina theannta sin, ba cheart don Chlár tacú le gníomhaíochtaí ábhartha eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil leas Eorpach acu, amhail an Coiste saineolaithe maidir le meastóireacht a dhéanamh ar bhearta frithsciúrtha airgid agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta de chuid Chomhairle na hEorpa. | (18) Leis an gClár freisin, ba cheart do na Ballstáit creat dlíthiúil an Aontais maidir leis an bhfrithsciúradh airgid agus maidir leis an gcomhrac i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gceart agus ina iomláine agus ba cheart beartais don todhchaí a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua san earnáil ***chun bealaí a shainaithint agus a chur chun feidhme ar bealaí iad chun cosc a chur leis na feiniméin sin agus lena gcomhrac***. Ina theannta sin, ba cheart don Chlár tacú le gníomhaíochtaí ábhartha eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil leas Eorpach acu, amhail an Coiste saineolaithe maidir le meastóireacht a dhéanamh ar bhearta frithsciúrtha airgid agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta de chuid Chomhairle na hEorpa. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ag cur san áireamh go gcuimsíonn an margadh inmheánach mar a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach é córas a áirithíonn nach ndéanfar an iomaíocht a shaobhadh, ba cheart don Chlár tacú le beartas agus líonraí an Aontais i réimse na hiomaíochta agus le comhar le húdaráis náisiúnta agus cúirteanna, mar aon le teagmháil a dhéanamh le grúpa níos leithne geallsealbhóirí chun iad a chur ar an eolas faoi chearta, tairbhí agus oibleagáidí bheartas iomaíochta an Aontais agus chun na cearta, na tairbhí agus na hoibleagáidí sin a mhíniú. | (20) Ag cur san áireamh go gcuimsíonn an margadh inmheánach mar a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach é córas a áirithíonn nach ndéanfar an iomaíocht a shaobhadh, ba cheart don Chlár tacú le beartas agus líonraí an Aontais i réimse na hiomaíochta agus le comhar le húdaráis náisiúnta ***agus idirnáisiúnta*** agus cúirteanna, mar aon le teagmháil a dhéanamh le grúpa níos leithne geallsealbhóirí chun iad a chur ar an eolas faoi chearta, tairbhí agus oibleagáidí bheartas iomaíochta an Aontais agus chun na cearta, na tairbhí agus na hoibleagáidí sin a mhíniú. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Bíonn ag FBManna dúshláin chomónta nach ndéanann a oiread céanna difir do ghnólachtaí móra chun maoiniú a fháil, teacht ar oibrithe oilte, an t-ualach riaracháin a laghdú, an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a chur á n-úsáid, rochtain a fhail ar mhargaí agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe a chothú. Leis an gClár, ba cheart aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh den sórt sin ar bhealach comhréireach ach, san am céanna, gan an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh go míchuí. | (23) Bíonn ag FBManna dúshláin chomónta nach ndéanann a oiread céanna difir do ghnólachtaí móra chun maoiniú a fháil, teacht ar oibrithe oilte, an t-ualach riaracháin a laghdú, an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a chur á n-úsáid, rochtain a fháil ar mhargaí agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe a chothú. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar FBManna i réigiúin a bhfuil srianta orthu, amhail limistéir shléibhtiúla agus na réigiúin is forimeallaí, áit arb iad FBManna an t-aon fhoinse de ghníomhaíocht eacnamaíoch agus d'fhostaíocht atá ann.*** Leis an gClár, ba cheart aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh den sórt sin ar bhealach comhréireach ach, san am céanna, gan an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh go míchuí. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Baineann cuid mhór d'fhadhbanna iomaíochais an Aontais le deacrachtaí FBManna teacht ar mhaoiniú toisc go mbíonn sé crua orthu a n-acmhainneacht creidmheasa a thaispeáint agus toisc nach mbíonn a dhóthain comhthaobhachta acu. Tagann dúshláin bhreise mhaoinithe as an ngá atá ag FBManna le bheith iomaíoch trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí digitithe, cuir i gcás, gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe agus gníomhaíochtaí | (24) Baineann cuid mhór d'fhadhbanna iomaíochais an Aontais le deacrachtaí FBManna teacht ar mhaoiniú toisc go mbíonn sé crua orthu a n-acmhainneacht creidmheasa a thaispeáint agus toisc nach mbíonn dóthain comhthaobhachta acu. Tagann dúshláin bhreise mhaoinithe as an ngá atá ag FBManna le bheith iomaíoch trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí digitithe, cuir i gcás, gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe agus gníomhaíochtaí |

| | |
|---|---|
| nuálacha agus trí oiliúint bhreise a chur ar a gcuid oibrithe. De thoradh rochtain theoranta ar mhaoiniú, imrítear tionchar diúltach ar chruthú gnólachtaí, ar a bhforbairt agus ar a rátaí marthanais agus, lena chois sin, ar ullmhacht fiontraithe nua dul i mbun cuideachtaí inmharthana i gcomhthéacs comharbas gnó. | nuálacha agus trí oiliúint bhreise a chur ar a gcuid oibrithe. De thoradh rochtain theoranta ar mhaoiniú, imrítear tionchar diúltach ar chruthú gnólachtaí, ar a bhfás***, ar an ngeilleagar áitiúil*** agus ar a rátaí marthanais agus, lena chois sin, ar ullmhacht fiontraithe nua dul i mbun cuideachtaí inmharthana i gcomhthéacs comharbas gnó. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Leis an gClár, ba cheart go gcuirfí bonn taca éifeachtach faoi FBManna le linn a saolré. Ba cheart go gcuirfeadh sé leis an eolas agus leis an saineolas atá forbartha i dtaobh FBManna agus earnálacha tionsclaíocha agus leis an taithí sheanbhunaithe ó bheith ag obair le geallsealbhóirí Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha. Ba cheart go gcuirfeadh an tacaíocht sin leis an dóigh ar éirigh leis an Líonra Fiontar Eorpach a bheith ina ionad ilfhreastail chun iomaíochas FBManna a fheabhsú agus a ngnó a fhorbairt laistigh den margadh aonair agus lasmuigh de. Tá rún ag an Líonra leanúint de bheith ag soláthar seirbhísí thar ceann cláir eile de chuid an Aontais, go háirithe an clár Fís 2020, trí bhíthin acmhainní airgeadais na gclár sin. Lena chois sin, ba cheart go leanfaí den scéim meantóireachta d’fhiontraithe nua chun gur féidir le fiontraithe nua nó daoine a dteastaíonn uathu a bheith ina bhfiontraithe taithí ghnó a fháil trí iad a mheaitseáil le fiontraithe seanchleachta ó thír eile agus, ar an dóigh sin, cuidiú leo a gcumas fiontraíochta a neartú. Ba cheart don Chlár tuilleadh iarrachta a dhéanamh a chumhdach geografach a mhéadú agus a leathnú agus, ar an dóigh sin, raon níos leithne féidearthachtaí meaitseála a thairiscint | (27) Leis an gClár, ba cheart go gcuirfí bonn taca éifeachtach faoi FBManna le linn a saolré***, gan aon idirdhealú inscne a dhéanamh, ag díriú ar dhaoine óga ó limistéir thuaithe a spreagadh chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí fiontraíochta agus ar an gcaoi sin cuidiú le cosc a chur le bánú na tuaithe***. Ba cheart go gcuirfeadh sé leis an eolas agus leis an saineolas atá forbartha i dtaobh FBManna agus earnálacha tionsclaíocha agus leis an taithí sheanbhunaithe ó bheith ag obair le geallsealbhóirí Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha. Ba cheart go gcuirfeadh an tacaíocht sin leis an dóigh ar éirigh leis an Líonra Fiontar Eorpach a bheith ina ionad ilfhreastail chun iomaíochas FBManna a fheabhsú agus a ngnó a fhorbairt laistigh den margadh aonair agus lasmuigh de. Tá rún ag an Líonra leanúint de bheith ag soláthar seirbhísí thar ceann cláir eile de chuid an Aontais, go háirithe an clár Fís 2020, trí bhíthin acmhainní airgeadais na gclár sin. Lena chois sin, ba cheart go leanfaí den scéim meantóireachta d’fhiontraithe nua chun gur féidir le fiontraithe nua nó daoine a dteastaíonn uathu a bheith ina bhfiontraithe taithí ghnó a fháil trí iad a mheaitseáil le fiontraithe seanchleachta ó thír eile agus, ar an dóigh sin, cuidiú leo a |

d’fhiontraithe i gcomhlántacht le tionscnaimh eile de chuid an Aontais i gcás inarb ábhartha.

gcumas fiontraíochta a neartú. Ba cheart don Chlár tuilleadh iarrachta a dhéanamh a chumhdach geografach a mhéadú agus a leathnú agus, ar an dóigh sin, raon níos leithne féidearthachtaí meaitseála a thairiscint d’fhiontraithe i gcomhlántacht le tionscnaimh eile de chuid an Aontais i gcás inarb ábhartha.

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Is uirlis straitéiseach é braislí fiontar a chur ar bun chun tacú le hiomaíochas FBManna agus chun iad a chur ag gníomhú ar scála níos leithne óir cruthaítear leo timpeallacht atá fabhrach don ghnó. Ba cheart do thionscnaimh chomhpháirteacha le haghaidh braislí fiontar mais chriticiúil a bhaint amach chun dlús a chur le fás FBManna. De thoradh éiceachórais speisialaithe a nascadh, cruthaítear le braislí fiontar deiseanna nua gnó do FBManna agus déantar iad a chomhtháthú ar dhóigh níos fearr i slabhraí luacha straitéiseacha ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal domhanda. Trí thacaíocht ón ardán comhair do bhraislí fiontar Eorpacha, ba cheart tacú le straitéisí comhpháirtíochta trasnáisiúnta a fhorbairt agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chur chun feidhme. Ba cheart comhpháirtíocht inbhuanaithe a spreagadh trí leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil má bhaintear amach spriocanna feidhmíochta agus rannpháirtíochta. Le haghaidh na nithe seo a leanas, ba cheart tacaíocht dhíreach do FBManna a threorú trí eagraíochtaí de bhraislí fiontar: úsáid ardteicneolaíochtaí, samhlacha nua gnó, réitigh ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní, cruthaitheacht agus dearadh, seisiúin oiliúna, daoine inniúla a mhealladh, dlús a chur leis an | (28) Is uirlis straitéiseach é braislí fiontar a chur ar bun chun tacú le hiomaíochas FBManna agus chun iad a chur ag gníomhú ar scála níos leithne óir cruthaítear leo timpeallacht atá fabhrach don ghnó. Ba cheart do thionscnaimh chomhpháirteacha le haghaidh braislí fiontar mais chriticiúil a bhaint amach chun dlús a chur le fás FBManna. De thoradh éiceachórais speisialaithe a nascadh, cruthaítear le braislí fiontar deiseanna nua gnó do FBManna agus déantar iad a chomhtháthú ar dhóigh níos fearr i slabhraí luacha straitéiseacha ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal domhanda. Trí thacaíocht ón ardán comhair do bhraislí fiontar Eorpacha, ba cheart tacú le straitéisí comhpháirtíochta trasnáisiúnta a fhorbairt agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chur chun feidhme. Ba cheart comhpháirtíocht inbhuanaithe a spreagadh trí leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil má bhaintear amach spriocanna feidhmíochta agus rannpháirtíochta. Le haghaidh na nithe seo a leanas, ba cheart tacaíocht dhíreach do FBManna a threorú trí eagraíochtaí de bhraislí fiontar: úsáid ardteicneolaíochtaí, samhlacha nua gnó, réitigh ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní, cruthaitheacht agus dearadh, seisiúin oiliúna, daoine inniúla a mhealladh, dlús a chur leis an |

| | |
|---|---|
| bhfiontraíocht, agus an t-idirnáisiúnú. Gníomhaithe ar speisialtóirí iad i dtacaíocht a chur ar fáil do FBManna, ba cheart iad a bheith rannpháirteach san athrú tionsclaíoch a éascú agus in straitéisí um speisialtóireacht chliste a chur chun feidhme. Ar an dóigh sin, ba cheart leis an gClár bonn taca a chur faoin bhfás agus faoi naisc a chruthú le moil nuálaíochta (digití) agus infheistíochtaí an Aontais arna gcur ar bun faoi réir an bheartais comhtháthaithe agus an chláir Fís Eorpach. Chomh maith leis sin, is féidir sineirgíochtaí leis an gclár Erasmus a fhiosrú. | bhfiontraíocht, agus an t-idirnáisiúnú. Gníomhaithe ar speisialtóirí iad i dtacaíocht a chur ar fáil do FBManna, ba cheart iad a bheith rannpháirteach san athrú tionsclaíoch a éascú agus in straitéisí um speisialtóireacht chliste a chur chun feidhme. Ar an dóigh sin, ba cheart leis an gClár bonn taca a chur faoin bhfás agus faoi naisc a chruthú le moil nuálaíochta (digití) agus infheistíochtaí an Aontais arna gcur ar bun faoi réir an Bheartais Comhtháthaithe***, Erasmus*** agus an chláir Fís Eorpach. Chomh maith leis sin, is féidir sineirgíochtaí leis an gclár Erasmus a fhiosrú. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Chun gur féidir leis an margadh inmheánach oibriú go héifeachtúil, caithfidh leibhéal ard cosanta sláinte a bheith ann trí bhíthin an tslabhra soláthair bia. Ó thaobh na sochaí agus an mhargaidh inmheánaigh de, is den riachtanas slabhra soláthair bia atá sábháilte agus inbhuanaithe. De bhíthin géarchéimeanna sláinte trasteorann agus údair faitís i dtaca le bia, cuirtear as d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí theorainn a chur le gluaiseachtaí daoine agus earraí agus trí chur as don táirgeadh. | (44) Chun gur féidir leis an margadh inmheánach oibriú go héifeachtúil, caithfidh leibhéal ard cosanta sláinte a bheith ann trí bhíthin an tslabhra ***talmhaíochta agus*** soláthair bia. Ó thaobh na sochaí agus an mhargaidh inmheánaigh de, is réamhriachtanas é slabhra ***talmhaíochta agus*** soláthair bia atá sábháilte agus inbhuanaithe. De bhíthin géarchéimeanna sláinte trasteorann agus údair faitís i dtaca le bia, cuirtear as d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí theorainn a chur le gluaiseachtaí daoine agus earraí agus trí chur as don táirgeadh. ***Chun cosc a chur le géarchéimeanna sláinte trasteorann agus údair faitís i dtaca le bia, ba cheart go dtacódh an Clár le gníomhaíochtaí nithiúla, amhail bearta éigeandála a bhunú i gcás géarchéimeanna agus imeachtaí neamh-intuartha a théann i bhfeidhm ar shláinte ainmhithe agus plandaí, ag cruthú sásra chun go bhféadfaí rochtain dhíreach a fháil ar chúlchiste géarchéime an Aontais chun déileáil leis na héigeandálaí sin ar*** |

***bhonn níos tapúla, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Dá bhrí sin, ba cheart tús áite a thabhairt do chosc a chur le lotnaidí agus galair nua agus anaithnide.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Is é cuspóir ginearálta dhlí an Aontais i réimse an bhiashlabhra cur le hardleibhéal sláinte do dhaoine, ainmhithe agus plandaí ag gach céim den bhiashlabhra, tacú le leas ainmhithe a fheabhsú, cur le hardleibhéal cosanta agus faisnéise do thomhaltóirí agus leibhéal ard cosanta don chomhshaol, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht a chaomhnú, agus, san am céanna, inbhuanaitheacht na táirgeachta bia agus beatha Eorpaí a fheabhsú, cur le caighdeáin cháilíochta ar fud an Aontais, iomaíochas thionscal bia agus beatha an Aontais a fheabhsú agus cruthú post a chothú. | (45) Is é cuspóir ginearálta dhlí an Aontais i réimse an bhiashlabhra cur le hardleibhéal sláinte do dhaoine, ainmhithe agus plandaí ag gach céim den bhiashlabhra, ***soláthar táirgí bia ar phraghasanna réasúnta a áirithiú,*** tacú le leas ainmhithe a fheabhsú, ***ioncam cóir a áirithiú don phobal talmhaíochta, margaí a chobhsú agus*** cur le hardleibhéal cosanta agus faisnéise do thomhaltóirí agus leibhéal ard cosanta don chomhshaol, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht a chaomhnú, agus, san am céanna, inbhuanaitheacht na táirgeachta bia agus beatha Eorpaí a fheabhsú, ***dramhaíl bia a laghdú,*** cur le caighdeáin cháilíochta ar fud an Aontais, iomaíochas thionscal bia agus beatha an Aontais a fheabhsú agus cruthú post a chothú. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Os rud é gur gníomhaíochtaí sonracha iad na gníomhaíochtaí lena mbaineann leibhéal ard sláinte do dhaoine, ainmhithe agus plandaí ag gach céim den bhiashlabhra, is gá foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le critéir speisialta incháilitheachta i dtaobh cur ar fáil deontas agus úsáid soláthair phoiblí. De mhaolú, go | (46) Ós rud é gur gníomhaíochtaí sonracha iad na gníomhaíochtaí lena mbaineann leibhéal ard sláinte do dhaoine, ainmhithe agus plandaí ag gach céim den bhiashlabhra, is gá foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le critéir speisialta incháilitheachta i dtaobh cur ar fáil deontas agus úsáid soláthair phoiblí. De mhaolú, go |

| | |
|---|---|
| háirithe, ar Rialachán (AE, Euratom) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61] (an "Rialachán Airgeadais"), mar eisceacht ar phrionsabal na neamh-aisghníomhaíochta, ba cheart costais na mbeart éigeandála, i ngeall ar chineál práinneach agus neamh-intuartha na mbeart sin, a bheith incháilithe agus, ina theannta sin, ba cheart costais a tabhaíodh de dheasca amhrais faoi ghalar nó lotnaid a áireamh ar choinníoll go ndearbhaítear tar éis sin an galar nó an lotnaid a bheith ann agus go gcuirtear sin in iúl don Choimisiún. Ba cheart don Choimisiún na gealltanais bhuiséadacha chomhfhreagracha agus íocaíocht caiteachais incháilithe a dhéanamh, tar éis na gealltanais dhlíthiúla a shíniú agus tar éis na hiarratais ar íocaíocht arna gcur isteach ag na Ballstáit a mheasúnú. Ina theannta sin, ba cheart costais a bheith incháilithe i dtaca le bearta cosanta arna ndéanamh i gcás ina mbeadh baol díreach ann do stádas sláinte an Aontais de dheasca galair agus zónóisí áirithe ainmhithe a bheith ann nó a bheith ag forbairt ar chríoch tríú tír nó i mBallstát nó i dtíortha nó ar chríocha thar lear agus i dtaca le bearta cosanta, nó gníomhaíochtaí ábhartha eile, arna ndéanamh chun tacú le stádas sláinte plandaí san Aontas. | háirithe, ar Rialachán (AE, Euratom) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61] (an "Rialachán Airgeadais"), mar eisceacht ar phrionsabal na neamh-aisghníomhaíochta, ba cheart costais na mbeart éigeandála, i ngeall ar chineál práinneach agus neamh-intuartha na mbeart sin, a bheith incháilithe agus, ina theannta sin, ba cheart costais a tabhaíodh de dheasca amhrais faoi ghalar nó lotnaid a áireamh ar choinníoll go ndearbhaítear tar éis sin an galar nó an lotnaid a bheith ann agus go gcuirtear sin in iúl don Choimisiún. Ba cheart don Choimisiún na gealltanais bhuiséadacha chomhfhreagracha agus íocaíocht caiteachais incháilithe a dhéanamh, tar éis na gealltanais dhlíthiúla a shíniú agus tar éis na hiarratais ar íocaíocht arna gcur isteach ag na Ballstáit a mheasúnú. ***I gcás inar féidir éigeandálaí i réimse shláinte daoine, ainmhithe agus plandaí a rianú ar ais chuig cleachtais shonracha Aontais, ba cheart bearta a ghlacadh chun na cleachtais sin a cheartú.*** Ina theannta sin, ba cheart costais a bheith incháilithe i dtaca le bearta ***coiscthe agus*** cosanta arna ndéanamh i gcás ina mbeadh baol díreach ann don stádas sláinte san Aontas de dheasca galair agus zónóisí áirithe ainmhithe a bheith ann nó a bheith ag forbairt ar chríoch tríú tír nó i mBallstát nó i dtíortha nó ar chríocha thar lear agus i dtaca le bearta cosanta, nó gníomhaíochtaí ábhartha eile, arna ndéanamh chun tacú le stádas sláinte plandaí san Aontas. |
| [61] [le cur isteach] | [61] [le cur isteach] |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Is uirlis fhíor-riachtanach iad | (47) ***I bhfianaise slabhra talmhaíochta*** |

rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit lena fhíorú go ndéantar ceanglais ábhartha Aontais a chur chun feidhme, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú agus le faireachán a dhéanamh air sin. Tá éifeachtacht agus éifeachtúlacht córas rialaithe oifigiúil ríthábhachtach chun leibhéal ard sábháilteachta do dhaoine, ainmhithe agus plandaí a chaomhnú ag gach céim den bhiashlabhra agus, ag an am céanna, leibhéal ard cosanta don chomhshaol a áirithiú. Ba cheart tacaíocht airgeadais ón Aontas a chur ar fáil do na bearta rialaithe sin. Go háirithe, ba cheart ranníocaíocht airgeadais a bheith ar fáil do shaotharlanna tagartha an Aontais chun cuidiú leo na costais a sheasamh a thagann as cur chun feidhme na gclár oibre arna bhformheas ag an gCoimisiún. Thairis sin, ós rud é freisin go mbraitheann éifeachtacht rialuithe oifigiúla ar bhaill foirne dhea-oilte, a bhfuil eolas iomchuí acu ar dhlí an Aontais, a bheith ar fáil do na húdaráis rialaithe, ba cheart don Aontas a bheith in ann rannchuidiú lena n-oiliúint agus leis na cláir mhalartacha ábhartha arna n-eagrú ag údaráis inniúla.

***agus soláthair bia atá ag éirí níos domhandaithe***, is uirlis fhíor-riachtanach anois níos mó ná riamh iad rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit chun a fhíorú go ndéantar ceanglais ábhartha Aontais a chur chun feidhme, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú, agus chun faireachán a dhéanamh air sin***, go háirithe i dtaca le táirgí talmhaíochta agus bia allmhairithe***. Tá éifeachtacht agus éifeachtúlacht córas rialaithe oifigiúil ríthábhachtach chun leibhéal ard sábháilteachta do dhaoine, ainmhithe agus plandaí a chaomhnú ag gach céim den bhiashlabhra agus, ag an am céanna, leibhéal ard cosanta don chomhshaol a áirithiú. Ba cheart tacaíocht airgeadais ón Aontas a chur ar fáil do na bearta rialaithe sin. Go háirithe, ba cheart ranníocaíocht airgeadais a bheith ar fáil do shaotharlanna tagartha an Aontais chun cuidiú leo na costais a sheasamh a thagann as cur chun feidhme na gclár oibre arna bhformheas ag an gCoimisiún. Thairis sin, ós rud é freisin go mbraitheann éifeachtacht rialuithe oifigiúla ar bhaill foirne dhea-oilte, a bhfuil eolas iomchuí acu ar dhlí an Aontais, a bheith ar fáil do na húdaráis rialaithe, ba cheart don Aontas a bheith in ann rannchuidiú lena n-oiliúint agus leis na cláir mhalartacha ábhartha arna n-eagrú ag údaráis inniúla.

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (70) Ar deireadh, d’fhéadfaí gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbiashlabhra, amhail bearta tréidliachta agus fiteasláintíochta i gcás géarchéime sláinte ainmhithe agus plandaí, a chomhlánú le hidirghabhálacha margadhbhunaithe ó chlársceidealú Chomhbheartas Talmhaíochta an Aontais | (70) Ar deireadh, d’fhéadfaí gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbiashlabhra, amhail bearta tréidliachta agus fiteasláintíochta i gcás géarchéime sláinte ainmhithe agus plandaí, a chomhlánú le hidirghabhálacha margadhbhunaithe ó chlársceidealú Chomhbheartas Talmhaíochta an Aontais |

arna bhunú le Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[78].

arna bhunú le Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***ach níor cheart é sin a dhéanamh ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis agus ar mhaithe le leas na hearnála i gcoitinne***.

[78]COM(2018) 393 final.

[78]COM(2018) 393 final.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 76**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (76) Ba cheart ***an*** liosta galar ainmhithe agus zónóise atá incháilithe chun cistiú a fháil faoi bhearta éigeandála agus chun cistiú a fháil faoi na gcláir díothaithe, rialaithe agus faireachais a bhunú ar bhonn na ngalar ainmhithe dá dtagraítear i gCaibidil 2 de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[81], Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[82] agus Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[83]. | (76) Ba cheart liosta ***oscailte*** galar ainmhithe agus zónóisí atá incháilithe chun cistiú a fháil faoi bhearta éigeandála agus chun cistiú a fháil faoi na cláir díothaithe, rialaithe agus faireachais a bhunú ar bhonn na ngalar ainmhithe dá dtagraítear i gCaibidil 2 de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[81] , Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[82] agus Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[83] . |

[81] Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’) (IO L 84, 31.03.2016, lch. 1).

[82] Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le rialú Salmonella agus oibreáin zónóiseacha bia-iompartha sonraithe eile (IO L 325, 12.12.2003, lch. 1).

[83] Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

[81] Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’) (IO L 84, 31.03.2016, lch. 1).

[82] Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le rialú Salmonella agus oibreáin zónóiseacha bia-iompartha sonraithe eile (IO L 325, 12.12.2003, lch. 1).

[83] Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

| | |
|---|---|
| an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.05.2001, lch. 1). | an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.05.2001, lch. 1). |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 77 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(77 a) Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas maidir leis an éifeacht a bhíonn ag mórtheagmhais aeráide sna Ballstáit éagsúla maidir le lotnaidí agus galair ainmhithe a scaipeadh sna Ballstáit, rud is cúis le réimse leathan bagairtí féideartha nach gcaithfear déileáil leo mar imeacht ón ngnáthstaid agus nach mór glacadh leo mar fhíorfhéidearthacht ar an leibhéal Eorpach.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 85 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(85a) Ní mór a bheith ar an airdeall agus gan tograí a thíolacadh a éileoidh bearta nua, neamhriachtanacha maorlathacha chun measúnú a dhéanamh ar chuspóirí comhchoiteanna. Is gá dúinn a sheachaint, mar shampla, a cheangal ar na Ballstáit cláir náisiúnta thréidliachta agus fíteashláintíochta a cuireadh chun feidhme go rathúil a áireamh nó innéacs a fhorbairt chuige sin. Ní léiriú cruinn na figiúirí sin ar an rath atá ar straitéis coiscthe galar ag Ballstát ná ar cé chomh maith is atá sé ag comhlíonadh straitéisí ar leibhéal AE agus dá bhrí sin sholáthródh sé sonraí míchearta.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Rialachán seo bunaítear an clár chun ***feabhas a chur ar fheidhmiú*** an mhargaidh inmheánaigh agus ar iomaíochas fiontar, ***lena n-áirítear*** micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide agus an creat chun forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh a mhaoiniú, ***de réir bhrí Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009*** (an 'Clár'). | Leis an Rialachán seo bunaítear an clár chun ***neartú a dhéanamh ar an*** margaidh inmheánach agus ***chun feabhas a chur ar a fheidhmiú i réimsí*** an iomaíochais fiontar, ***go háirithe*** micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide***, an slabhra talmhaíochta agus soláthair bia*** agus an creat chun forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh a mhaoiniú (an 'Clár'). |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, agus go háirithe saoránaigh, tomhaltóirí agus gnólachtaí a chosaint agus a chumhachtú, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), trí dhlí an Aontais a fhorfheidhmiú, rochtain ar an margadh a éascú, caighdeáin a leagan síos agus sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus plandaí, agus leas ainmhithe ***a chur chun cinn***; chomh maith le comhar idir údaráis inniúla na mBallstát a fheabhsú agus comhar idir údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún agus gníomhaíochtaí díláraithe an Aontais a fheabhsú; | (a) feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, ***comhtháthú críochach a chur chun cinn*** agus go háirithe saoránaigh, tomhaltóirí agus gnólachtaí a chosaint agus a chumhachtú, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), trí ***thacú lena n-inbhuanaitheacht*** trí dhlí an Aontais a fhorfheidhmiú, ***, trína ráthú go mbeidh cothrom iomaíochta ann***, trí rochtain ar an margadh a éascú, trí chaighdeáin a leagan síos agus trí shláinte an duine, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe***a chosaint agus a neartú***, ***chomh maith le meas ar an gcomhshaol***; chomh maith le comhar idir údaráis inniúla na mBallstát a fheabhsú agus comhar idir údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún agus gníomhaíochtaí díláraithe an Aontais a fheabhsú; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) staidreamh ardcháilíochta, inchomparáide agus iontaofa faoin Eoraip a thacaíonn le beartais uile an Aontais a cheapadh chomh maith le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus cuidiú le lucht ceaptha beartais, gnólachtaí, an lucht acadúil, saoránaigh agus na meáin cinntí eolasacha a dhéanamh agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas daonlathach. | (b) an staidreamh ***is déanaí*** ardcháilíochta, inchomparáide agus iontaofa faoin Eoraip ***atá comhchuibhithe idir na Ballstáit agus a gcomhlachtaí staidrimh náisiúnta agus réigiúnacha faoi seach*** a sholáthar, a thacaíonn le beartais uile an Aontais a cheapadh chomh maith le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus cuidiú le lucht ceaptha beartais, gnólachtaí, an lucht acadúil, saoránaigh agus na meáin cinntí eolasacha a dhéanamh agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas daonlathach. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an margadh inmheánach a dhéanamh níos éifeachtaí, cosc agus baint constaicí a éascú, tacú le dlí an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i réimse an mhargaidh inmheánaigh d'earraí agus do sheirbhísí, soláthar poiblí, faireachas margaidh chomh maith le dlí na gcuideachtaí agus an dlí conarthach agus an dlí seach-chonarthach, sciúradh airgid, ***saorghluaiseacht chaipitil, seirbhísí airgeadais*** agus iomaíocht, lena n-áirítear forbairt uirlisí rialachais; | (a) an margadh inmheánach a dhéanamh níos éifeachtaí, cosc agus baint constaicí a éascú, ***lena n-áirítear bacainní geografacha sna réigiúin is forimeallaí,*** tacú le dlí an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i réimse an mhargaidh inmheánaigh d'earraí agus do sheirbhísí, soláthar poiblí, faireachas margaidh chomh maith le dlí na gcuideachtaí agus an dlí conarthach agus an dlí seach-chonarthach, ***bearta chun cosc a chur le calaois agus le himghabháil chánach*** sciúradh airgid, saorghluaiseacht chaipitil, seirbhísí airgeadais agus iomaíocht, lena n-áirítear forbairt uirlisí rialachais; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) iomaíochas fiontar a fheabhsú le béim speisialta ar FBManna agus breisíocht a bhaint amach trí bhearta a sholáthar lena gcuirtear foirmeacha éagsúla tacaíochta ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, rochtain ar mhargaí lena n áirítear idirnáisiúnú FBManna, timpeallacht fhabhrach ghnó do FBMAnna, iomaíochas earnálacha, nuachóiriú earnáil na tionsclaíochta agus cur chun cinn na fiontraíochta; | (b) iomaíochas fiontar a fheabhsú le béim speisialta ar FBManna agus breisíocht a bhaint amach trí bhearta a sholáthar lena gcuirtear foirmeacha éagsúla tacaíochta ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, rochtain ar mhargaí lena n áirítear idirnáisiúnú FBManna, timpeallacht fhabhrach ghnó do FBMAnna, iomaíochas earnálacha, nuachóiriú earnáil na tionsclaíochta agus cur chun cinn ***thrédhearcacht an mhargaidh agus***na fiontraíochta***, ag díriú ar fhiontraíocht i measc na mban agus daoine óga ó limistéir thuaithe, ionas go mbeidh siad in ann fanacht sna limistéir sin agus bánú na tuaithe a chosc***; |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe c – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) tacú le forbairt na gcaighdeán idirnáisiúnta um thuairisciú airgeadais agus iniúchóireacht ar ardchaighdeán, a gcomhtháthú i ndlí an Aontais a éascú agus nuálaíocht agus forbairt dea-chleachtas i dtuairisciú corparáideach a chur chun cinn; | (ii) tacú le forbairt na gcaighdeán idirnáisiúnta um thuairisciú airgeadais agus iniúchóireacht ar ardchaighdeán, a gcomhtháthú i ndlí an Aontais a éascú agus nuálaíocht agus forbairt dea-chleachtas ***agus trédhearcacht*** i dtuairisciú corparáideach a chur chun cinn; |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe d – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) tomhaltóirí, gnólachtaí, agus an | (i) tomhaltóirí, gnólachtaí, |

| | |
|---|---|
| tsochaí shibhialta a chumhachtú, cabhrú leo agus oideachas a chur orthu; leibhéal ard cosanta do thomhaltóirí, tomhaltas inbhuanaithe agus sábháilteacht táirgí a áirithiú, go háirithe trí thacú le húdaráis inniúla forfheidhmithe agus eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí agus gníomhaíochtaí comhair***;*** a áirithiú go bhfuil rochtain ag gach tomhaltóir ar shásamh agus; faisnéis leordhóthanach a sholáthar maidir le margaí ***agus*** tomhaltóirí; | ***ceardchumainn*** agus an tsochaí shibhialta a chumhachtú, cabhrú leo***, iad a chur ar an eolas*** agus oideachas a chur orthu***, trí shuíomhanna gréasáin rialtais atá inrochtana, mar shampla***; leibhéal ard cosanta do thomhaltóirí, tomhaltas inbhuanaithe agus sábháilteacht táirgí a áirithiú, go háirithe trí thacú le húdaráis inniúla forfheidhmithe agus eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí agus gníomhaíochtaí comhair ***idir na Ballstáit agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, chomh maith le malairtí an dea-chleachtais agus na faisnéise chun táirgí Eorpacha a chosaint ar an margadh inmheánach i gcoinne iomaíocht éagórach ón taobh amuigh,*** ag áirithiú go mbeidh rochtain ag gach tomhaltóir ar ***eadráin agus*** ar shásamh agus; faisnéis leordhóthanach a sholáthar maidir le margaí***,*** tomhaltóirí ***agus modhanna réitigh coinbhleachta***; |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) feabhas a chur ar rannpháirtíocht tomhaltóirí, úsáideoirí deiridh eile seirbhísí airgeadais agus an tsochaí shibhialta i gceapadh beartas na seirbhísí airgeadais; tuiscint níos fearr ar an earnáil airgeadais a chur chun cinn; | (ii) feabhas a chur ar rannpháirtíocht tomhaltóirí, úsáideoirí deiridh eile seirbhísí airgeadais***, ceardchumann*** agus na sochaí shibhialta i gceapadh beartas na seirbhísí airgeadais; tuiscint níos fearr ar an earnáil airgeadais a chur chun cinn; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) rannchuidiú le hardleibhéal sláinte don duine, d’ainmhithe agus do phlandaí ag gach céim den slabhra ***bia*** agus i réimsí gaolmhara, lena n áirítear trí ghalair agus | (e) rannchuidiú le hardleibhéal sláinte don duine, d’ainmhithe agus do phlandaí ag gach céim den slabhra ***talmhaíochta agus soláthair bia*** agus i réimsí gaolmhara, |

lotnaidí a chosc agus a dhíothú agus trí thacú le feabhas a chur ar leas ainmhithe agus cleachtais inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais ***bia*** a bhaint amach;

lena n áirítear trí ghalair agus lotnaidí a chosc agus a dhíothú ***agus trí bhearta éigeandála freisin i gcás géarchéimeanna mórscala agus imeachtaí neamh-intuartha a théann i bhfeidhm ar shláinte ainmhithe agus plandaí,*** agus trí thacú le feabhas a chur ar leas ainmhithe agus cleachtais inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais agraibhia a bhaint amach, ***ar phraghsanna réasúnta, ag laghdú dramhaíl bia, ag ardú feasachta i measc tomhaltóirí agus ag baint tairbhe as an ngeilleagar ciorclach***; ***agus ar an mbealach sin, díriú ar thaighde, nuálaíocht agus malartú dea-chleachtas idir geallsealbhóirí sna réimsí sin a spreagadh;***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) cuidiú le timpeallacht fhabhrach a chruthú do sheoladh FBManna nua i réigiúin faoi mhíbhuntáiste, amhail limistéir shléibhtiúla agus na réigiúin is forimeallaí trína áirithiú go ndéantar 10% de gach acmhainn airgeadais a leithdháileadh ar na réigiúin sin.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) staidreamh ardchaighdeáin faoin Eoraip a tháirgeadh agus a chur in iúl ar bhealach atá tráthúil, neamhchlaonta agus éifeachtach ó thaobh costais de, trí chomhpháirtíochtaí feabhsaithe laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) | (f) staidreamh ardchaighdeáin faoin Eoraip a tháirgeadh agus a chur in iúl ar bhealach atá tráthúil, neamhchlaonta agus éifeachtach ó thaobh costais de, trí chomhpháirtíochtaí feabhsaithe laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) |

| | |
|---|---|
| Uimh. 223/2009 agus leis na páirtithe seachtracha ábhartha go léir, ag baint úsáide as ilfhoinsí sonraí, ardmhodhanna anailísíochta sonraí, córais chliste agus teicneolaíochtaí digiteacha. | Uimh. 223/2009 agus leis na páirtithe seachtracha ábhartha go léir, ***a éileoidh comhar éifeachtach le comhlachtaí staidrimh sna Ballstáit*** ag baint úsáide as ilfhoinsí sonraí, ardmhodhanna anailísíochta sonraí, córais chliste agus teicneolaíochtaí digiteacha ***agus ag comhthiomsú acmhainní chun faisnéis a bhailiú atá iontaofa agus chomh cothrom le dáta agus is féidir é***. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é EUR ***4 088 580 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021 go 2027. | 1. Is é EUR ***4 608 580 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021 go 2027. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) EUR ***1 680 000 000*** don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e); | (c) EUR ***2 200 000 000*** don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e); |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Ba cheart sásra sonrach a bhunú lena mbeidh rochtain dhíreach ag an mbiashlabhra ar chúlchiste géarchéime an Choimisiúin i gcás éigeandálaí mórscála, chun cistiú a ráthú le haghaidh*** |

***na mbeart a leagtar amach in Airteagal 3(2)(e).***

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an gClár, má iarrann na Ballstáit sin. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) d’Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den Airteagal sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann a dhéanamh más féidir. | 6. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an gClár, má iarrann na Ballstáit sin ***ach amháin i gcásanna nár cuireadh gealltanais chun feidhme***. ***Níor cheart go mbainfí an bonn ó na cláir chomhbhainistithe atá fanta, ag aon tráth, trí chiorruithe ar a mbuiséad***. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) d’Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den Airteagal sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann a dhéanamh más féidir. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe d – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) ag féachaint lena áirithiú go ndéanfar comhchuibhiú ar an reachtaíocht Eorpach agus ar chomhlíonadh na reachtaíochta sin;*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 2. Féadfar cistiú a sholáthar ón gClár, agus an cistiú sin in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar. Féadfaidh sé maoiniú a sholáthar freisin i bhfoirm ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha. | 2. Féadfar cistiú a sholáthar ón gClár, agus an cistiú sin in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna agus soláthar. Féadfaidh sé maoiniú a sholáthar freisin i bhfoirm ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha ***trí rochtain a thabhairt ar chláir chistiúcháin iomadúla***. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfar agus bainisteofar deontais faoin gClár i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais. | Tabharfar agus bainisteofar deontais faoin gClár i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais. ***Foilseoidh an Coimisiún cláir oibre a chuirfear in oiriúint do gach ceann de na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus lena sonrófar méid na ndeontas a bheidh le leithdháileadh.*** |

*Réasúnú*

*Tá an cleachtas sin comhdhlúite i mbainistiú chláir AE.*

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na dálaí cearta a chruthú chun gníomhaithe uile an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear gnólachtaí, saoránaigh agus tomhaltóirí, an tsochaí shibhialta agus údaráis phoiblí, a chumhachtú le feachtais thrédhearcacha faisnéise agus ardaithe feasachta, dea-chleachtas a mhalartú, dea-chleachtais a chur chun cinn, saintaithí agus eolas a | (a) na dálaí cearta a chruthú chun gníomhaithe uile an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear gnólachtaí***, ceardchumainn***, saoránaigh agus tomhaltóirí, an tsochaí shibhialta agus údaráis phoiblí, a chumhachtú le feachtais thrédhearcacha faisnéise agus ardaithe feasachta, dea-chleachtas a mhalartú, dea-chleachtais a chur chun cinn, saintaithí |

| | |
|---|---|
| mhalartú agus a scaipeadh agus oiliúint a eagrú; | agus eolas a mhalartú agus a scaipeadh agus oiliúint a eagrú; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sásraí a chur ar fáil do shaoránaigh, do thomhaltóirí, d'úsáideoirí deiridh, don tsochaí shibhialta agus d'ionadaithe gnó ón Aontas chun cur le pléití polaitiúla, le beartais agus leis an bpróiseas cinnteoireachta, go háirithe trí thacú le feidhmiú na n-eagraíochtaí ionadaíocha ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; | (b) sásraí a chur ar fáil do shaoránaigh***, d'oibrithe***, do thomhaltóirí, d'úsáideoirí deiridh, don tsochaí shibhialta agus d'ionadaithe gnó ón Aontas chun cur le pléití polaitiúla, le beartais agus leis an bpróiseas cinnteoireachta, go háirithe trí thacú le feidhmiú na n-eagraíochtaí ionadaíocha ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) deireadh a chur le bacainní margaidh, le hualaí riaracháin agus leis na costais a ghabhann le hoileánacht agus le hiargúltacht ón margadh Eorpach sna réigiúin is forimeallaí agus timpeallacht fhabhrach ghnó a chruthú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun go mbainfidís tairbhe as an margadh inmheánach;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) timpeallacht ghnó fhiontraíoch agu cultúr na fiontraíochta a chothú, lena n- | (f) timpeallacht ghnó fhiontraíoch agus cultúr na fiontraíochta a chothú, ***go*** |

| | |
|---|---|
| áirítear an scéim meantóireachta d'fhiontraithe nua agus tacaíocht do chuideachtaí nuathionscanta, d'inbhuanaitheacht ghnó agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis. | ***háirithe i measc na mban agus daoine óga, ag díriú ar dhaoine óga i limistéir thuaithe,*** lena n-áirítear an scéim meantóireachta d'fhiontraithe nua agus tacaíocht do chuideachtaí nuathionscanta, d'inbhuanaitheacht ghnó agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis ***agus cruthú seirbhísí nua. ag díriú ar thionscnaimh ghnó amhail 'Junior Enterprises' a fhorbairt sa timpeallacht ollscoile agus aitheantas a thabhairt don choincheap sin ar an leibhéal Eorpach***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Ballstát nó tír ***nó*** críoch thar lear atá bainteach leis an mBallstát sin; | (i) Ballstát**,** tír nó críoch thar lear atá bainteach leis an mBallstát sin ***nó réigiún forimeallach***; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 7 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) institiúidí staidrimh náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile amhail dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009; | (a) institiúidí staidrimh náisiúnta ***agus a gcontrapháirtithe réigiúnacha i gcás inarb ann dóibh*** agus údaráis náisiúnta eile amhail dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) maidir le gníomhaíochtaí lena gcuirfear chun feidhme an cuspóir sonrach | (h) maidir le gníomhaíochtaí lena gcuirfear chun feidhme an cuspóir sonrach |

| | |
|---|---|
| dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(f) den Rialachán seo, na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. | dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(f) den Rialachán seo, na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta ***agus réigiúnacha*** agus údaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme***, le cláir oibre lena gcuirfear chun feidhme an cuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e) mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2).*** | 2. ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 20, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí ghlacadh*** clár oibre ***i gcomhréir leis an*** gcuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e) a leagtar amach san Iarscríbhinn. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, ***agus*** a bhaineann le gníomhaíochtaí agus torthaí an Chláir. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gClár, rannchuideofar le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3. | 2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár ***chun feasacht a ardú i measc tomhaltóirí, saoránach, gnólachtaí, go háirithe sa slabhra talmhaíochta agus soláthair bia, faoi na hacmhainní arna soláthar trí ionstraimí airgeadais an Rialacháin seo, agus*** faoina ghníomhaícohtaí agus a thorthaí. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gClár, rannchuideofar le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in |

Airteagal 3.

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an Coimisiún (EUROSTAT) gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le cur chun feidhme an chuspóra sonraigh dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(f) a chur chun feidhme, chomh maith lena ghníomhaíochtaí agus lena thorthaí nuair a bhaineann siad le staidreamh Eorpach a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, i gcomhréir leis na prionsabail staidrimh a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. | 3. Déanfaidh an Coimisiún (EUROSTAT) gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le cur chun feidhme an chuspóra shonraigh dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(f) a chur chun feidhme, chomh maith lena ghníomhaíochtaí agus lena thorthaí nuair a bhaineann siad le ***comhchuibhiú na nithe atá faoi scrúdú,*** a tháirgeadh agus a scaipeadh, i gcomhréir leis na prionsabail staidrimh a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe 1.2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bearta chun lotnaid choraintín de chuid an Aontais a dhíothú, arna ndéanamh ag údarás inniúil Ballstáit de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[105]nó de bhun bhearta an Aontais arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Rialachán sin; (a) | (a) bearta chun lotnaid choraintín de chuid an Aontais ***a chosc, a shrianadh agus/nó*** a dhíothú, arna ndéanamh ag údarás inniúil Ballstáit de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[105] nó de bhun bhearta an Aontais arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Rialachán sin; |
| [105] Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 agus Rialachán (AE) | [105] Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 agus Rialachán (AE) |

| | |
|---|---|
| Uimh 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4) ón gComhairle. | Uimh 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4) ón gComhairle. |

*Réasúnú*

*Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh bearta coiscthe agus srianta incháilithe ar an gcaoi chéanna is atá bearta díothaithe.*

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe 1.2 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bearta chun lotnaid, nach bhfuil liostaithe mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais, a dhíothú, arna ndéanamh ag údarás inniúil Ballstáit de bhun Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus a d’fhéadfaí a cháiliú mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear san Airteagal sin nó in Airteagal 30(1) den Rialachán sin; | (b) bearta chun lotnaid, nach bhfuil liostaithe mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais, ***a chosc, a shrianadh agus/nó*** a dhíothú, arna ndéanamh ag údarás inniúil Ballstáit de bhun Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus a d’fhéadfaí a cháiliú mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear san Airteagal sin nó in Airteagal 30(1) den Rialachán sin; |

*Réasúnú*

*Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh bearta coiscthe agus srianta incháilithe ar an gcaoi chéanna is atá bearta díothaithe.*

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe 1.2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) bearta cosanta breise arna ndéanamh i gcoinne leathadh lotnaide, ar ghlac an tAontas bearta ina coinne cheana | (c) bearta cosanta breise arna ndéanamh i gcoinne leathadh lotnaide, ar ghlac an tAontas bearta ina coinne cheana |

| | |
|---|---|
| de bhun Airteagal 28(1) agus Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, seachas na bearta ***díothúcháin*** sin dá dtagraítear i ***bpointe (a) den phointe seo agus na bearta srianta dá dtagraítear i bpointe*** (b) den phointe seo, i gcás ina bhfuil na bearta sin riachtanach chun an tAontas a chosaint ar leathadh breise na lotnaide sin. | de bhun Airteagal 28(1) agus Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, seachas na bearta díothaithe sin dá dtagraítear i***bpointí (a) agus*** (b) den phointe seo, i gcás ina bhfuil na bearta sin riachtanach chun an tAontas a chosaint ar leathadh breise na lotnaide sin.***ag srianadh, i gcás inar gá, shaorghluaiseacht na n-iompróirí isteach sna Ballstáit máguaird***. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe 1.2 – pointe a c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) bearta chun lotnaidí a tháinig chun solais go tobann a dhíothú, fiú amháin i gcás nach meastar an lotnaid sin a bheith ina lotnaid choraintín de chuid an Aontais ach ar ann di mar thoradh ar mhórthubaiste aeráide nó ar an athrú aeráide i mBallstát;*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe 1.3 – pointe 1.3.4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1.3.4 a. I gcás ina dtarlaíonn ráig amhrasta de ghalar ainmhí agus/nó go dtugtar faoi deara gur tháinig orgánaigh dhíobhálacha i láthair, beidh sé den riachtanas cur leis na seiceálacha agus leis an bhfaireachán ar fud AE san Aontas nó/agus ar a theorainneacha seachtracha;*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe 1.3 – pointe 1.3.4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1.3.4 b. Bearta chun faireachán a dhéanamh ar theacht i láthair lotnaidí agus galair aitheanta mar aon le lotnaidí agus galair atá anaithnid faoi láthair.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 2 – pointe 2.1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2.1. Maidir le cláir tréidliachta agus fíteashláintíochta bhliantúla agus ilbhliantúla chun galair ainmhithe agus zónóisí atá liostaithe in Iarscríbhinn III agus lotnaidí plandaí a dhíothú, a rialú agus faireachán a dhéanamh orthu, ní mór iad a chur chun feidhme i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa dlí ábhartha de chuid an Aontais. | 2.1. Maidir le cláir thréidliachta agus fíteashláintíochta bhliantúla agus ilbhliantúla chun galair ainmhithe agus zónóisí atá liostaithe in Iarscríbhinn III agus lotnaidí plandaí ***a chosc,*** a dhíothú, a rialú agus faireachán a dhéanamh orthu, ní mór iad a chur chun feidhme i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa dlí ábhartha de chuid an Aontais. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 2 – pointe 2.1 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ba cheart go léireodh na cláir sin na réaltachtaí nua atá ann mar thoradh ar an athrú aeráide maille le héagsúlachtaí na réaltachtaí sin ar an leibhéal Eorpach; ba cheart go gcuideoidís freisin le cosc a chur le creimeadh na bithéagsúlachta Eorpaí.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 2 – pointe 2.3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (c) bearta chun lotnaid choraintín de chuid an Aontais a dhíothú, arna ndéanamh ag údarás inniúil Ballstáit de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2016/2031 nó de bhun bhearta an Aontais arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Rialachan sin; (e) | (c) bearta chun lotnaid choraintín de chuid an Aontais ***a chosc, a shrianadh agus/nó*** a dhíothú, arna ndéanamh ag údarás inniúil Ballstáit de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2016/2031 nó de bhun bhearta an Aontais arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Rialachán sin; |

*Réasúnú*

*Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh bearta coiscthe agus srianta incháilithe ar an gcaoi chéanna is atá bearta díothaithe.*

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 2 – pointe 2.3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (d) bearta chun lotnaid, nach bhfuil liostaithe mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais, a dhíothú, arna ndéanamh ag údarás inniúil Ballstáit de bhun Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus a d’fhéadfaí a cháiliú mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear san Airteagal sin nó in Airteagal 30(1) den Rialachán sin; | (d) bearta chun lotnaid, nach bhfuil liostaithe mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais, ***a chosc, a shrianadh agus/nó*** a dhíothú, arna ndéanamh ag údarás inniúil Ballstáit de bhun Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus a d’fhéadfaí a cháiliú mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear san Airteagal sin nó in Airteagal 30(1) den Rialachán sin; |

*Réasúnú*

*Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh bearta coiscthe agus srianta incháilithe ar an gcaoi chéanna is atá bearta díothaithe.*

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 2 – pointe 2.3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |

| | |
|---|---|
| (e) bearta cosanta breise arna ndéanamh i gcoinne leathadh lotnaide, ar ghlac an tAontas bearta ina coinne cheana de bhun Airteagal 28(1) agus Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, seachas na bearta ***díothúcháin*** sin dá dtagraítear i ***bpointe (c) den phointe seo agus na bearta srianta dá dtagraítear i bpointe*** (d) den phointe seo, i gcás ina bhfuil na bearta sin riachtanach chun an tAontas a chosaint ar leathadh breise na lotnaide sin; | (e) bearta cosanta breise arna ndéanamh i gcoinne leathadh lotnaide, ar ghlac an tAontas bearta ina coinne cheana de bhun Airteagal 28(1) agus Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, seachas na bearta díothaithe sin dá dtagraítear i ***bpointí (c) agus*** (d) den phointe seo, i gcás ina bhfuil na bearta sin riachtanach chun an tAontas a chosaint ar leathadh breise na lotnaide sin; |

*Réasúnú*

*Is leasú teicniúil an leasú seo, arb é is aidhm leis an téacs a thabhairt i gcomhréir leis na leasuithe a éilíonn go mbeadh bearta coiscthe agus srianta incháilithe sa chaoi chéanna is atá bearta díothaithe.*

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Gníomhaíochtaí chun tacú le leas ainmhithe a fheabhsú. | 3. Gníomhaíochtaí chun tacú le leas ainmhithe a fheabhsú***, lena n-áirítear bearta chun comhlíonadh caighdeán maidir le leas ainmnithe agus inrianaitheacht a áirithiú lena n-áirítear le linn iompar ainmnithe***. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Gníomhaíochtaí lena dtacaítear le cleachtais inbhuanaithe ***táirgthe agus tomhaltais bia***. | 7. Gníomhaíochtaí ag tacú le ***táirgeadh agrai-éiceolaíoch, tomhaltas inbhuanaithe bia, nach bhfuil aon tionchar díobhálach aige ar an gcomhshaol agus ar bhithéagsúlacht, agus díolacháin dhíreacha agus slabhraí*** |

| | |
|---|---|
| | ***gearra soláthair a chur chun cinn*.** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Obair theicniúil agus eolaíoch, lena n-áirítear staidéir agus gníomhaíochtaí comhordúcháin, ar obair í is gá a dhéanamh lena áirithiú go gcuirfear an reachtaíocht chun feidhme i gceart sa réimse a bhaineann leis an gcuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e) agus go gcuirfear an reachtaíocht sin in oiriúint d'fhorbairtí eolaíocha, teicneolaíocha agus sochaíocha. | 11. Obair theicniúil agus eolaíoch, lena n-áirítear staidéir agus gníomhaíochtaí comhordúcháin, ar obair í is gá a dhéanamh ***chun go gcuirfí cosc le teacht i láthair lotnaidí agus galar nua agus anaithnid agus*** lena áirithiú go gcuirfear an reachtaíocht chun feidhme i gceart sa réimse a bhaineann leis an gcuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e) agus go gcuirfear an reachtaíocht sin in oiriúint d'fhorbairtí eolaíocha, teicneolaíocha agus sochaíocha. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 14. Tacaíocht do thionscnaimh faisnéise agus tionscnaimh ardaithe feasachta ag an Aontas agus ag na Ballstáit a bhfuil sé mar aidhm acu cleachtais fheabhsaithe, chomhlíontacha agus inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais bia a áirithiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí coisctheacha i ndáil le dramhaíl bia agus calaois bhia, laistigh de chur chun feidhme na rialacha i réimse an chuspóra sonraigh dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e). | 14. Tacaíocht do thionscnaimh faisnéise agus tionscnaimh ardaithe feasachta ag an Aontas agus ag na Ballstáit a bhfuil sé mar aidhm acu cleachtais fheabhsaithe, chomhlíontacha agus inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais bia a áirithiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí coiscthe i ndáil le dramhaíl bia ***ag rannchuidiú leis an ngeilleagar ciorclach*** agus calaois bhia, laistigh de chur chun feidhme na rialacha i réimse an chuspóra shonraigh dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(e). |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – fomhír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní mór idirghníomhaíocht idir cláir agus cistí Eorpacha éagsúla agus Clár an Mhargaidh Aonair a áirithiú níos mó agus níos mó.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá faisnéis staidrimh ardcháilíochta, inchomparáide agus iontaofa faoin staid eacnamaíoch, shóisialta, chríochach agus chomhshaoil san Aontas de dhíth chun beartais an Aontais a chur chun feidhme. Ina theannta sin, le staidreamh Eorpach tugtar an deis do shaoránaigh Eorpacha an próiseas daonlathach agus an díospóireacht maidir le staid reatha agus todhchaí an Aontais a thuiscint agus páirt a ghlacadh iontu. | Tá faisnéis staidrimh ardcháilíochta, ***nuashonraithe***, inchomparáide agus iontaofa faoin staid eacnamaíoch, shóisialta, chríochach agus chomhshaoil san Aontas de dhíth chun beartais an Aontais a chur chun feidhme. Ina theannta sin, le staidreamh Eorpach tugtar an deis do shaoránaigh Eorpacha an próiseas daonlathach agus an díospóireacht maidir le staid reatha agus todhchaí an Aontais a thuiscint agus páirt a ghlacadh iontu. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – fleasc 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna); | – faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) ***agus comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide***; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – fleasc 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – sonraí tráthúla ábhartha a sholáthar chun freastal ar riachtanais an Chomhbheartais Talmhaíochta, an Chomhbheartais Iascaigh agus na mbeartas a bhaineann leis an gcomhshaol, le slándáil bia agus le leas ainmhithe. | – sonraí tráthúla ábhartha a sholáthar chun freastal ar riachtanais an Chomhbheartais Talmhaíochta, ***(lena n-áirítear faisnéis ón bhFaireachlann um Margadh an Bhainne, a bhfuil gá níos gasta léi***), an Chomhbheartais Iascaigh agus na mbeartas a bhaineann leis an gcomhshaol, le slándáil bia agus le leas ainmhithe. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – fleasc 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – táscairí tráthúla agus cuimsitheacha staidrimh a sholáthar maidir le réigiúin, ***lena n-áirítear*** na réigiúin is forimeallaí san Aontas, cathracha agus ceantair thuaithe an Aontais chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúil is atá beartais um fhorbairt chríochach agus chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchair chríochacha beartais earnálacha; | – táscairí tráthúla agus cuimsitheacha staidrimh a sholáthar maidir le réigiúin, na réigiúin is forimeallaí san Aontas, cathracha agus ceantair thuaithe an Aontais chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúil is atá beartais um fhorbairt chríochach agus chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchair chríochacha beartais earnálacha; |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Liosta galar ainmhithe agus zónóisí*** | ***scriosta*** |
| ***(1) Tinneas Afracach na gcapall*** | |
| ***(2) Fiabhras Afracach na muc*** | |
| ***(3) Antrasc*** | |

*(4) Fliú éanúil (ardphataigineach),*

*(5) Fliú éanúil (lagphataigineach),*

*(6) Campalabaictéaróis*

*(7) Fiabhras clasaiceach muc*

*(8) Galar crúb agus béil*

*(9) Pliúrainiúmóine tógálach gabhar*

*(10) Fothach*

*(11) Ionfhabhtú le víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24),*

*(12) Ionfhabhtú le Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis*

*(13) Ionfhabhtú le víreas ghalar fuilreatha eipeasótach*

*(14) Ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh*

*(15) Ionfhabhtú le Mycoplasma mycoides fospeiceas mycoides SC (Pliúrainiúmóine tógálach buaibheach),*

*(16) Ionfhabhtú le coimpléasc Mycobacterium tuberculosis (M. bovis, M. caprae agus M. tuberculosis)*

*(17) Ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle*

*(18) Ionfhabhtú le víreas ghalar na mion-athchogantach*

*(19) Ionfhabhtú le víreas an chonfaidh*

*(20) Ionfhabhtú le heipitíteas eansótach*

*(21) Ionfhabhtú le víreas phlá na mbó*

*(22) Ionfhabhtú le séiritíopaí zónóiseacha Salmonella*

*(23) Fíniú le Echinococcus spp*

*(24) Listéaróis*

*(25) Bolgach caorach agus bolgach gabhar*

*(26) Einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha*

*(27) Tricineallóis*

*(28) Einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach*

*(29) E. coli veireatocsaigineach*

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***IARSCRÍBHINN IIIa*** |
| | ***Liosta galar ainmhithe agus zónóisí*** |
| | ***Cumhdaítear i liosta na ngalar ainmhithe agus zónóisí:*** |
| | ***(a) liosta na ngalar a tarraingíodh suas de bhun Chaibidil 2 de Chuid 1 de Rialachán 2016/429;*** |
| | ***(b) salmonella, zónóisí agus ar oibreáin zónóiseacha a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 agus in Treoir 2003/99/CE;*** |
| | ***(c) Einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha*** |

*Réasúnú*

*Féachtar leis an leasú seo lena áirithiú gur gcuirtear san áireamh an t-athbhreithniú a rinneadh ar liosta na ngalar a tarraingíodh suas faoi Rialachán 2016/429 ar féidir leis an gCoimisiún uasdátú a dhéanamh air, agus ar féidir é a fhadú ionas go gcumhdófar salmonella, zónóisí agus oibreáin zónóiseacha.*

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***IARSCRÍBHINN IVa*** |
| | ***Cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3(2)(e)*** |
| | ***(1) Líon na gclár náisiúnta tréidliachta agus fiteashláintíochta a cuireadh chun*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***feidhme.*** |
|  | ***(2) Líon na n-éigeandálaí a réitíodh go rathúil, ar éigeandálaí iad a tharla mar thoradh ar lotnaidí;*** |
|  | ***(3) Líon na n-éigeandálaí a réitíodh go rathúil , ar éigeandálaí iad a tharla mar thoradh ar ghalair;*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
|  | ***IARSCRÍBHINN IVa*** |
|  | ***Cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3(2)(d)(i)(ii)*** |
|  | ***1. Innéacs dhálaí na dtomhaltóirí.*** |
|  | ***2. Líon na bhfoláireamh a laghdú sa Chóras Mear-Rabhaidh;*** |
|  | ***3. Líon na bpáipéar seasaimh agus na bhfreagairtí ar chomhairliúcháin phoiblí i réimse na seirbhísí airgeadais ó thairbhithe.*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Clár don mhargadh aonair, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don staidreamh Eorpach a bhunú |
| **Tagairtí** | COM(2018)0441 – C8-0254/2018 – 2018/0231(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>14.6.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>14.6.2018 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta arna fhógairt sa suí iomlánach** | 5.7.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Sofia Ribeiro<br>4.7.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 14.1.2019 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 31<br>–: 5<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | John Stuart Agnew, Clara Eugenia Aguilera García, Eric Andrieu, Nicola Caputo, Matt Carthy, Jacques Colombier, Paolo De Castro, Albert Deß, Herbert Dorfmann, Norbert Erdős, Luke Ming Flanagan, Martin Häusling, Esther Herranz García, Jan Huitema, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Philippe Loiseau, Mairead McGuinness, Giulia Moi, Ulrike Müller, James Nicholson, Maria Noichl, Marijana Petir, Maria Lidia Senra Rodríguez, Ricardo Serrão Santos, Czesław Adam Siekierski, Marc Tarabella, Maria Gabriela Zoană, Marco Zullo |
| **Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Franc Bogovič, Angélique Delahaye, Anthea McIntyre, Momchil Nekov, Sofia Ribeiro, Hilde Vautmans, Thomas Waitz |
| **Na comhaltaí ionaid a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach faoi Riail 200(2)** | Tilly Metz |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE FREAGRACH

| 31 | + |
|---|---|
| ALDE | Ulrike Müller, Hilde Vautmans |
| ECR | Anthea McIntyre, James Nicholson |
| EFDD | Marco Zullo |
| GUE/NGL | Luke Ming Flanagan |
| PPE | Franc Bogovič, Angélique Delahaye, Albert Deß, Herbert Dorfmann, Norbert Erdős, Esther Herranz García, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Mairead McGuinness, Marijana Petir, Sofia Ribeiro, Czesław Adam Siekierski |
| S&D | Clara Eugenia Aguilera García, Eric Andrieu, Nicola Caputo, Paolo De Castro, Momchil Nekov, Maria Noichl, Ricardo Serrão Santos, Marc Tarabella, Maria Gabriela Zoană |
| VERTS/ALE | Martin Häusling, Tilly Metz, Thomas Waitz |

| 5 | - |
|---|---|
| EFDD | John Stuart Agnew |
| ENF | Jacques Colombier, Philippe Loiseau |
| GUE/NGL | Matt Carthy, Maria Lidia Senra Rodríguez |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ALDE | Jan Huitema |
| EFDD | Giulia Moi |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh